An Roinn Oideachais
Department of Education

# Treoir do thuismitheoirí

## Scéim na Leabhar Iar-bhunscoile



# Réamhrá

In amanna, bíonn sé costasach do thuismitheoirí/do chaomhnóirí leabhair scoile agus acmhainní seomra ranga a cheannach. Sa bhliain 2024, tugadh cistiú do scoileanna chun leabhair scoile agus príomhacmhainní seomra ranga a cheannach do dhaltaí sa tSraith Shóisearach. Ón mbliain 2025 ar aghaidh, soláthróidh Scéim na Leabhar Iar-bhunscoile cistiú do scoileanna chun míreanna a cheannach do gach dalta suas go dtí an tSraith Shóisearach.

Mínítear sa bhileog faisnéise seo conas a reáchtáiltear an scéim agus tugtar freagraí inti ar roinnt ceisteanna coitianta.

## Scéim na Leabhar Iar-bhunscoile

Is é is Scéim na Leabhar Iar-bhunscoile ann ná scéim cistiúcháin ina soláthraíonn an Roinn Oideachais cistiú d'iar-bhunscoileanna sa Scéim Saoroideachais chun leabhair scoile agus príomhacmhainní seomra ranga a cheannach.

Reáchtáiltear an scéim mar scéim cíosa téacsleabhar ina dtugtar leabhair scoile agus acmhainní ar iasacht do dhaltaí i dtús na scoilbhliana.

Fágann sé sin nach rannchuideoidh tuismitheoirí daltaí iar-bhunscoile le costas na leabhar scoile, lena n-áirítear costas na bpríomhacmhainní seomra ranga.

## Conas a oibríonn an scéim?

Déanfaidh an scoil socruithe chun na téacsleabhair agus na hacmhainní a chumhdaítear leis an scéim a thabhairt do do leanbh/leanaí. Tá sé tábhachtach go dtabharfadh do leanbh aird do na leabhair go cúramach toisc gur leis an scoil iad.

Ag deireadh na scoilbhliana (nó ag deireadh an chláir a bhfuil do leanbh ag déanamh staidéir air), tabharfaidh do leanbh na téacsleabhair ar ais don scoil, agus iad in ordú maith. Ní mór iad a thabhairt ar ais freisin má fhágann do leanbh an scoil. Más rud é gur íoc tú éarlais, tabharfar an éarlais sin ar ais duit.

## Cad a chumhdaítear leis an scéim?

Is é is leabhair scoile ann ná téacsleabhair (lena n-áirítear ríomhleabhair) agus leabhair oibre a n-úsáideann daltaí iad i scoileanna. Áirítear leo freisin úrscéalta, drámaí agus scrúdpháipéir ón am atá thart a sholáthar.

Cumhdaítear príomhacmhainní seomra ranga faoin scéim. Tá na míreanna liosta leagtha amach in Aguisín 1 den treoir do scoileanna. Féadfaidh scoileanna míreanna ar an liosta sin a ionadú ach ní mór dóibh faisnéis a thabhairt do thuismitheoirí faoi na míreanna a thabharfar do dhaltaí agus faoi na míreanna nach dtabharfar do dhaltaí.

Tá mionsonraí iomlána ar fáil ag www.gov.ie/schoolbookschemes

## Conas is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí tacú leis an scéim?

Ba cheart do thuismitheoirí/do chaomhnóirí a mheabhrú do dhaltaí gur ar iasacht ón scoil atá na leabhair scoile. Is gá do dhaltaí aird mhaith a thabhairt dá leabhair scoile agus dá n-acmhainní seomra ranga agus iad a choinneáil in ordú maith le linn na bliana ionas go mbeifear in ann iad a athúsáid i mblianta sa todhchaí.

# Faisnéis Thábhachtach

## Conas is féidir páirt a ghlacadh sa scéim

Ní gá do thuismitheoirí/do chaomhnóirí iarratas a dhéanamh ar an gcistiú seo. Íoctar an cistiú go díreach le scoileanna.

## Na míreanna a chumhdaítear leis an Scéim

Cumhdaítear gach leabhar scoile, lena n-áirítear téacsleabhair agus ríomhleabhair, agus gach leabhar oibre a chinneann scoileanna a bheith riachtanach le haghaidh gach ábhair.

Áirítear leo sin scrúdpháipéir ón am atá thart le haghaidh gach ábhair de réir mar is gá.

Soláthróidh do scoil príomhacmhainní seomra ranga. Tá liosta díobh sin ar fáil in Aguisín A den treoir ag Mol Faisnéise Scéim na Leabhar Scoile

## Acmhainní seomra ranga eile a chumhdaítear

Má bhíonn aon chistiú ag scoileanna fós tar éis na leabhair scoile uile agus na príomhacmhainní seomra ranga uile a sholáthar, d'fhéadfadh an scoil acmhainní seomra ranga breise a rabhthas ag iarraidh ar thuismitheoirí iad a sholáthar roimhe sin nó ar gearradh táille ar thuismitheoirí astu roimhe sin a sholáthar.

## Féadfaidh scoileanna éarlais in-aisíoctha a ghearradh

Féadfaidh scoileanna éarlais in-aisíoctha a ghearradh, rud atá teoranta do €50. Ní mór don scoil liosta a sholáthar de na míreanna a chumhdaítear leis an éarlais agus ar gá iad a thabhairt ar ais.

## Athsholáthar leabhar caillte nó damáistithe

Tá sé faoi gach scoil ar leith a chinneadh conas a dhéanfar leabhair atá caillte nó damáistithe a athsholáthar.

## Ní chumhdaítear bréagscrúduithe Sraithe Sóisearaí agus Ardteistiméireachta leis an scéim

Ní sholáthraítear leis an deontas aon chistiú a fhéadfar a úsáid chun íoc as costas na mbréagscrúduithe.

## Cumhdaítear costais áirithe Idirbhliana leis an scéim

Ceanglaítear ar scoileanna faoin scéim aon leabhair agus aon phríomhacmhainní seomra ranga a theastaíonn ó dhaltaí san Idirbhliain a sholáthar.

Ní chumhdaítear aon chostais eile a bhaineann leis an Idirbhliain, mar shampla, an costas a bhaineann le turas Idirbhliana.

# Faisnéis Thábhachtach

## Úsáid Leabhar Athláimhe sa Scéim

Tá cead ag scoileanna leabhair athláimhe a cheannach faoin scéim. Más mian leat leabhair scoile athláimhe a sholáthar do do scoil, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an scoil go díreach.

## Na míreanna a bhféadfaidh scoileanna táille a ghearradh ina leith

Ní fhéadfaidh scoileanna táille a ghearradh ort as aon leabhair scoile nó as aon phríomhacmhainní seomra ranga a chumhdaítear faoin scéim. Tabharfaidh scoileanna liosta de na míreanna sin duit i dtús na bliana.

Féadfaidh an scoil táille a ghearradh as aon acmhainní seomra ranga breise nach gcumhdaítear faoin scéim.

## Conas is féidir ceist a tharraingt anuas leis an scoil:

Tá an bord bainistíochta/an Bord Oideachais agus Oiliúna freagrach as reáchtáil na scéime sa scoil.

Má bhíonn aon ábhair imní nó aon cheisteanna agat, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le scoil do linbh go díreach.

Más rud é nach bhfuil tú sásta leis an bhfreagra a thug an scoil, is féidir go mbeidh próiseas foirmiúil gearáin ag an scoil. Sa chás sin, ba cheart an próiseas sin a leanúint le linn aon ghearán a shaothrú. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar an leathanach Gréasáin ar gov.ie: https://www.gov.ie/en/policy-information/parental-complaints/

